

Glór Uí Néill

Eagrán: Téarma 1 – 2016

Fáilte go dtí an chéad eagrán de Glór Uí Néill, nuachtlitir nua na scoile. Éiseofar Glór Uí Néill trí huaire sa bhliain, ag leanúint an téarma a chuaigh roimh ré agus beidh sí ann mar cheiliúradh de shaol na scoile agus gnóthachtáil na ndaltaí. Tá súil againn go mbaineann sibh sult as an eagrán seo agus ba mhór againn dá gcuirfeá moltaí chugainn d'eagrán amach anseo nó do ghníomhaíochtaí do na páistí sa scoil go ginearálta.



Welcome to the first edition of Glór Uí Néill, the school's new newsletter. Glór Uí Néill will be issued three times a year, following on from the previous term and will celebrate the life of the school and the achievements of the children. We hope you enjoy this issue and we welcome suggestions for future editions and for school activities in general.

Tá an Nollaig Ann / It's Christmas Time

Bíonn an Nollaig i gcónaí gnóthach sa scoil. Thug na daltaí is sine cuairt ar an Lyric i mBéal Feirste agus d'fhan na daltaí óga ar scoil leis an Ghréasaí Bróg a fheiceáil. Chaith muid ár ngeansaithe ar Lá Dhinnéar na Nollag, agus tháinig spion na Nollag orainn le Seó dheireadh na bliana san Ionad Paróiste. Bhí Banna na Scoile thar barr agus ba shnasta an léiriú de Charúl Nollag ó Charles Dickens ó Rang 4.



Tiomsaíodh £332 ag an seó, go raibh maith agaibh uilig as an tacaíocht!!

Christmas is always a busy time in Gaelscoil Uí Néill. The older pupils visited the Lyric in Belfast for The Great Gingerbread Mix-up, and the younger pupils stayed in school for The Elves and the Shoemaker. We all wore our jumpers on Christmas Dinner Day, and really got into the Christmas mood with a wonderful end-of-year show in the Parochial Centre, with a fantastic performance from the Gaelscoil Traditional Band and a very polished performance of Charles Dickens' A Christmas Carol from the P4 pupils. Once again, thanks to all the parents who bought raffle tickets, we raised a total of £332!!

Alex and Connie Visit the Naíscóil



Tháinig Alex agus Connie chuig an Naíscóil an téarma seo le labhairt leis na páistí faoi shábháilteacht sa bhaile. Labhair na puipéid ghrámhara leis na páistí faoi chúram sa bhaile agus an dóigh ar féidir linn cosc a chur ar thimpistí sa bhaile. Níl Gaeilge ar bith ag Alex nó Connie, dá bharr sin rinne Caoimhe agus an fhoireann a thuilleadh obair ar thimpistí tríd an Ghaeilge.

Alex and Connie came a calling to the Naíscóil this term to talk to the children about safety in the home. The lovable puppets spoke to the children about being careful at home and about ways we can prevent accidents at home. Alex and Connie do not speak any Irish, so Caoimhe and the rest of the staff followed up on this with activities through the medium of Irish.

Roinnt Buaitoirí na Samhna / Some Halloween Winners



All's Well in Rang 1

Baineann an chéad téarma i Rang 1 faoi shocrú isteach, bhuel, baineann cuid mhór de le socrú isteach – baineann sé le spraoi fosta.

Shocraigh an líon dalta de 26 a tháinig isteach i mbliana go réidh.

Le Múinteoir Róisín i mbun, bhí tús maith ag na gasúir agus cailíní i mbliana agus tá córas an lae bunaithe go maith anois.

Bíonn an fhoghlaim tríd an súgradh ar an ghníomhaíocht leis an rachairt is mó ar na brící móra gach bliain, ach bhí an-rachairt ar choirneál na hotharlainne i mbliana, i measc na ngasúir ach go háirithe.

The first term of Primary 1 is all about settling in; well, it's almost all about settling in – it is about having fun as well. This year's intake of 26 children settled very well, very quickly this year. With Múinteoir Róisín in charge, the boys and girls have hit the ground running and the daily routine is now well-established. The highlight of the day is learning through play first thing in the morning and, while the large bricks are the perennial favourite, the hospital corner proved very popular this year, especially among the boys.



R-Shábháilteacht agus Frithbhulaíocht E-Safety and Anti-bullying



Do not give out personal information.

deireadh le bulaíocht



Stop Bullying. Be Nice.



Catching Code with Rang 2

Is í Múinteoir Jayne saineolaí na scoile i gcúrsaí TFC agus is iontach an obair a dhéanann sí ag cuidiú leis na páistí ina rang ag forbairt scileanna ríomhaire agus iPad. I mbliana, bhí na páistí ag déanamh iScannán beoite ar a n-ipadanna, le carachtair Lego den chuid is mó. Ag an am céanna, bhí siad ag códáil, ag cruthú cluichí agus beochan le cód ríomhaire.

I gceann fiche bliain, is maith an seans go mbeidh pinn luaidhe, pinn agus leabhair gan úsáid agus beidh ár ndaltaí réidh don dúshlán sin; tá siad mar lachain bheoite ar uisce pictéilíeach.

Múinteoir Jayne is the school's ICT expert and does amazing work every year in helping the children in her class develop their computer and iPad skills. This year, the Primary 2 children have been making animated iMovies on their iPads, mostly with Lego characters. At the same time, they have been coding; creating games and animations using computer code. In twenty years' time, pens, pencils and books may well be obsolete and our pupils will be ready for the challenge; they have taken to coding like animated ducks to pixelated water!

你好吗？ Nǐ hǎo ma?

Gach maidin Dé Luain an téarma seo, chuir daltaí Ranganna 5 – 7 fáilte roimh Yang, ár múinteoir Mandairínise. Chuir Yang loinnir ar an Luan do na páistí, lena hamhráin, a Kung Fu agus aoibh an ghéire atá chomh leathan leis an Bhalla Mór féin. Tá Rang 7 cláraithe do scrúdú oifigiúil ag deireadh na bliana, agus tá Ranganna 5 agus 6 á foghlaim ar mhaithe leis an spraoi. Táimid uilig ag dúil go mór le Bliain Nua na Síne – Bliain An Choiligh.

Every Monday morning pupils in Primaries 5 – 7 have welcomed Yang, our Mandarin teacher from China, to the school. Yang has brightened up every Monday morning for the children, with her songs, her Kung Fu and her smile as wide as the Great Wall of China. Pupils in Primary 7 are registered for an official exam at the end of the year, while pupils in Primaries 5 and 6 are learning Mandarin just for the fun. Here's looking forward to the New Chinese Year – the Year of the Rooster.



Tá Gach Leabhar Lán sa Leabharlann

Cé go bhfuil iPadanna agus taibléid agus fóin chliste agus ríomhairí glúine agus ríomhairí boird ag glacadh seilbhe ar an domhan, níl a mhacasamhail ann mar leabhar maith, fíor-leabhar le páipéar agus cló. Beidh an domhan thíos mar gheall air nuair a chaillimid ár leabharlanna, dá bharr sin d'eagraigh muid turais choicisiúla chuig leabharlann iontach Oileán an Ghuail. Síleann Múinteoir Mairéad go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis seo do Rang 3 agus iad ag tosú ar an Bhéarla go foirmiúil, agus níl áit níos fearr ann leis an tsamhlaíocht a mhúscailt ná ár leabharlann iontach, áitiúil.



While iPads and tablets and smart phones and laptops and desktops etc are slowly taking over the world, there is still nothing like getting into a good book, a real paper and print book. The world will be a poorer place without our local library, so this year we have organised fortnightly trips to the wonderful Coalisland library. Múinteoir Mairéad thinks this is particularly important for Primary 3 as they formally begin English in P3, and there is no better place to excite the imagination of children and encourage reading than in our amazing, local library.

Ár Nathair atá ar Láimh

Is é 'Ainmhithe' an príomh-thopaic a bhí ag Rang 4 an téarma seo agus scríobh gach dalta a leabhrán iontach ar ainmhithe a roghnaigh siad féin, le clár, innéacs agus gluais san áireamh. Ba é buaicphointe an téarma ná an turas go Zú Bhéal Feirste a d'eagraigh Múinteoir Christina ag deireadh mhí na Samhna. Chríochnaigh an lá scoile ar 4.00pm an lá sin agus bhí neart deiseanna ag na



daltaí foghlaim faoi chuid mhór ainmhithe sa zú. Chonaic siad na heilifintí ollmhóra, na simpeansaithe slitheanta, an gabhar gealgháireach agus an nathair nimhe.

Primary 4's main topic this term has been 'Animals' and each pupil has produced their own amazing booklet about their chosen animal, including contents page, index and glossary. The highlight of the term was the trip to the Belfast Zoo organised by Múinteoir Christina at the end of November. The school day was extended to 4.00pm and the children had opportunities to learn about many of the animals in the zoo. They saw the enormous elephants, the cheeky chimps, the gregarious goat and the sneaky, scary, slithery, scaly, slippery snake.

Old School

“Ar úsáid tú clár cailce agus cailc in áit leabhar agus pinn luaidhe nuair a bhí tusa ar scoil, a Mhúinteoir Siobhán?” a d’fhiafraigh duine de na daltaí, go soineanta. Is é an freagra a thug Siobhán ar an cheist, ar ndóigh, ná ‘NÍOR ÚSÁID!’ Is é ‘Saol na Scoile’ an príomh-thopaic a bhí ag Rang 5 an téarma seo agus chuimsigh sin turas chuig Páirc



Phobal Mheiriceánach Ultach le foghlaim faoin scoil sna ‘sean-laethanta’ – i bhfad sula ndeachaigh Siobhán ar scoil, nó Conor go fiú. D’aontaigh na daltaí go mbeadh siad sásta scoil gan leabhair a fheiceáil, ach an mairfeadh siad gan iPadanna?

“Did you use a chalk board and chalk instead of books and pencils when you were at school, Múinteoir Siobhán?” asked one of the children, innocently. Siobhán’s answer to this question was, of course, “NO!” Primary 5’s main topic this term was on ‘School Life’ and included a trip to the Ulster American Folk Park to learn about school in the ‘olden days’ – long before Siobhán, or even Conor, went to school. The pupils agreed that they would prefer school without books, but would they survive for long without computers and iPads?

Don’t forget you shovel if your want to go to an archaeology dig.

Chuir Rang 6 a bpinn síos agus thóg siad sluasáidí agus réimse braiteoirí agus aibitheoirí miotail le dul ar eachtra seandálaíochta le stairí áitiúil ‘Dominic’. Dúradh le Múinteoir Caroline fanacht ar scoil, dá bharr sin thug Conor na daltaí amach ar an lá fuar, fliuch, salach ach iontach ag aimsiú miotail agus ag teacht ar stair ag Loch na Craoibhe. Is é ‘Na



Lochlannaigh’ topaic an téarma seo ach, cé go raibh an rud is sine beagnach 200 bliain d’aois, tháinig dalta amháin ar pháosa tiubh miotail is féidir a bhí mar chuid d’armúr Lochlannach, agus dheimhnigh Dominic gur tháinig na Lochlannaigh a fhad le Cluain Eo.

The Primary 6 pupils gave up their pens, to dig instead with shovels and to use a range of metal detectors and pointers to go on an archaeological adventure with local historian ‘Dominic’. Múinteoir Caroline was ordered to sit this trip out, so Conor took the children on the cold, wet, muddy but amazing day searching for metal and finding history by Crieve Lough. The P6 topic this term was ‘The Vikings’ and, while the oldest confirmed find was almost 200 years old, one pupil did find a thick lump of metal which may have been a piece of Viking armour, and Dominic informed us that the Vikings did come as far as Clonoe!

Beidh Aonach Amárach i nGaelscoil Uí Néill

Bíonn an chéad chúpla mí de Rang 7 dian go leor, go háirithe dóibh siúd atá cláraithe do Scrúdú Iontrála na Scoileanna Gramadaí, le ranganna ullmhaithe scrúdaithe i ndiaidh scoile go dtí 4.30pm. Ina dhiaidh sin, áfach, thig leis na daltaí tosú ar a scith a ligean agus sult a bhaint as scoil arís, agus is ansin a dhíríonn Múinteoir Páraic ar Aonach Leabhar Scholastic.



Téann na daltaí trí phróiseas dian ceapacháin, ag scríobh CVeanna agus ag dul faoi bréag-agallaimh nó laithrithe, rudaí a mbaineann siad an-sult as. Cuidíonn sé leis an scoil, le coimisiún de suas go 60% i leabhair. (Ceist – Díolann scoil £800 de leabhair ag Aonach Leabhar agus saothraíonn sí coimisiún 60% i leabhair. Cad é an luach de leabhair 'shaora' atá ag an scoil bunaithe ar an choimisiún seo?)

The first few months of Primary 7 are intense, particularly for those pupils who have enrolled in the Grammar School Entrance Test, with after-school exam prep classes four days a week until 4.30pm. Afterwards, however, the children can begin to relax and start to enjoy school again, and one way Múinteoir Páraic tries to ensure this is with the Scholastic Book Fair. The pupils undergo a strenuous selection process for the Book Fair, from writing CVs and mock interviews and presentations, which they really enjoy. The school benefits as well, with up to 60% commission in books. (Question – A school sells £800 in books at a book fair and earns 60% commission in books from the fair. What is the value of 'free' books the school can choose based on this commission?)



Hold the Back Page

Bíonn cúrsaí spóirt lárnach i saol na scoile agus, an téarma seo amháin, bhí ceachtanna peile, ceachtanna iomána/camógaíochta, ceachtanna snámha agus ceachtanna i mBun-scileanna Gluaiseachta (BSG) do Ranganna 3 agus 4, i gcomhair le ceachtanna rialta bunaithe ar chlár BSG. Ba é an bhuaicphointe den téarma, áfach, ná an tSeachtain Spóirt agus an Spórtatón eagraithe ag Múinteoir Páraic.

Tháinig Bliots Uí Néill do na Gaelscoileanna in Ulaidh ar ais i mbliana agus, cé nár bhain muid é arís i mbliana, d'imir an fhoireann go han-mhaith agus chaill siad in éadan bhuaiteoirí an bhliots, Bunscoil Naomh Bríd, Machaire Ratha.

Sport is always at the forefront of school life and, this term alone, we have had football lessons, hurling/camogie lessons, swimming lessons and lessons in Fundamental Movement Skills (FMS) for pupils in Primaries 3 and 4, not to mention regular PE lessons for P1 and 2 based on the FMS Programme. The highlight of the term, however, was Sports Week and the annual Spórtathon organised by Múinteoir Páraic. The O'Neill Blitz for Irish-medium schools in Ulster returned this year and, while we did not win it again this year, the team played very well, being beaten by the ultimate winners, St Brigid's, Maghera.

Clubanna Iar-scoile / After School Clubs

Club Ceoil / Music Club



Club Cócaireachta / Cookery Club

Club Peile / Football Club



Club Drámaíochta / Drama Club

**CLUBANNA NUA AG TOSÚ I dTÉARMAÍ 2 AGUS 3
NEW CLUBS STARTING IN TERMS 2 AND 3**

Bosca Moltaí / Suggestion Box

Cuir in iúl dúinn cad é a ba mhaith leat a fheiceáil i nGlór Uí Néill, nuachtlitir théarmúil na scoile. B'fhéidir gur mhaith leat moltaí a thabhairt ar ghníomhaíochta a thioctadh linn a phleanáil do na páistí amach anseo...

Please let us know what you would like to see in Glór Uí Néill, the school's new termly Newsletter. You may also wish to give some suggestions of some activities we could plan for the children...

